

AN MARCACH ÓG



Séideán Sí



Ábhar tacaíochta léitheoireachta agus tuisceana

Aisling Uí Dhúllaing

COMHAIRLEOIRÍ SRAITHE: SIOBHÁN NÍ DHÚILL AGUS BRÍDÍN NIC UIGINN



CLÁR

Sula léifidh tú an leabhar seo....	3
Caibidil 1	4
Caibidil 2	8
Caibidil 3	12
Caibidil 4	16
Caibidil 5	20
Caibidil 6 & 7	24
Iarléitheoireacht	28



SULA LÉIFIDH TÚ AN LEABHAR SEO.....

Déan Tuar

Ag féachaint ar an gclúdach agus ag cur san áireamh teideal an leabhair agus an méid atá scríofa ar chúl an leabhair, cén sórt scéil a cheapann tú atá sa leabhar seo? Déan tuar! Céard a tharlóidh sa scéal seo? Scríobh do thuairim anseo agus tabhair fáth le do fhreagra.

Údar an Leabhair

Déan taighde ar údar an leabhair seo, Pádraig Ó Baoighill. Cad as dó? An bhfuil aon leabhair eile scríofa aige?



CAIBIDIL 1

Triail Tuisceana

1. Cén sloinne atá ar Dhónall? _____

2. Cén fáth a bhfuil Dónall ag iarraidh dul go Coill na Baice? _____

3. Céard atá ar siúl ag Máire Rua sa chistin agus í ag labhairt le Dónall? _____

4. Cén caitheamh aimsire a bhfuil an-spéis ag Dónall ann? _____

5. Cé mar a mhothaigh Dónall agus é ag fágáil an tí? _____

6. Cé a bhí in éineacht le Dónall an chéad uair a chuaigh sé chuig na rásaí? _____

7. Cén frása ar lch 7 a insíonn dúinn go bhfuil Dónall ag iarraidh dul chuig na rásaí?

8. Cén cinneadh a rinne Dónall agus é ar a bhealach ar scoil? _____

9. Cén sloinne atá ortsa? _____

10. Cén fáth a bhfuil Mamaí Dhónaill Óig ag iarraidh go rachaidh sé ar scoil? _____



Gramadach

Gaeilge Uladh atá san úrscéal seo. Aimsigh trí shampla d'fhocail nó frásaí i gCaibidil a hAon ar léir gur Gaeilge Uladh atá iontu. An féidir leat smaoineamh ar fhocail nó ar fhrásaí eile a bhaineann le Gaeilge Uladh amháin?

I gCaibidil a hAon

Samplaí Breise



Stór Focal

Meaitseáil na focail ar chlé leis an míniú cúí ar dheis. Rinneamar ceann amháin duit.

lúcháir
tromchroíoch
drogallach
malltriallach
láimhseáil
a ruaigeadh

gan a bheith ag iarraidh rud a dhéanamh
rud éigin a bheith idir lámha
áthas ollmhór
fáil réidh leis
ag mothú brónach
go mall agus go tuirsiúil





Nathanna Cainte

Tá na nathanna cainte seo uile sa chaibidil ach tá focal in easnamh ar gach ceann díobh. Aimsigh an nath cainte sa leabhar agus líon na bearnaí chun na nathanna a chríochnú.

ag _____ na geirbe
 mar _____ ghnách
 chomh _____ géar agus a thig leat
 dá _____ féin
 _____ den saol
 ba mhó fós an _____ a bhí air
 ar _____ leis
 d'imigh sé de _____
 mar a bheadh _____ ann

Lána an Choinsiasa

Bain úsáid as Lána an Choinsiasa chun teacht ar fhreagra na ceiste seo atá ag Dónall.

‘Ar cheart dom éisteacht le Mamaí agus dul ar scoil,
 nó ar cheart dom dul chuig na rásaí le Séarlaí?’



Taighde

Déan taighde ar na crosbhealaí i do cheantar. Céard faoi na comharthaí atá orthu?



Scríbhneoireacht

1. Tuigimid i gCaibidil a hAon go bhfuil pónaí dá chuid féin ag Dónall. Scríobh iontráil dialainne den chineál a scríobh Dónall an lá a fuair sé Beití.

2. Scríobh giota beag faoin gcaitheamh aimsire is mó atá agat féin. Céard atá i gceist leis? Cé chomh minic is a dhéanann tú é? Cé eile a dhéanann leat é?



CAIBIDIL 2

Triail Tuisceana

1. Cén bhréag a d'inis Dónall? _____

2. Cén uair a thosaigh na trialacha capall? _____

3. Cén sórt rása a bhí ann ar dtús? Céard a bhí i gceist leis? _____

4. Cén bealach ar léirigh Dónall meas ar Thraenálaí Mór Choill na Baice? _____

5. Céard a thairg an Traenálaí Mór do Dhónall? _____

6. Cén rás a bhuaigh Dónall? _____

7. Cé a bhí ag caint le Séarlaí tar éis an rása? _____

8. Cén t-airgead a gheobhadh Dónall as an obair a dhéanamh? _____

9. Céard a bhí ag cur inní ar Dhónall? _____

10. Cén fáth, dar le Séarlaí, a mbeidh máthair Dhónaill sásta? _____



Gramadach

Is san aimsir chaite agus sa mhodh coinníollach atá caibidil a dó scríofa, den chuid is mó. Aimsigh samplaí agus liostaigh thíos iad – trí shampla den aimsir chaite agus trí shampla den mhodh coinníollach.

Aimsir Chaite

Modh Coinníollach



Stór Focal

Tá focail a théann leis na mínithe seo uile i gCaibidil a Dó. An féidir leat iad a aimsiú?

Rás ina mbíonn ar chapail léim chomh maith le rith: _____

Sonsa nó fál a bheadh timpeall ar pháirc nó ar ráschúrsa: _____

Bonn airgid a bhíodh ann sna seanlaethanta, i bhfad roimh an euro: _____

Gealgháireach, sona nó meidhreach: _____

Mothúchán a léiríonn tú nuair atá tú buartha: _____





Nathanna Cainte

Tá na nathanna cainte seo uile i gCaibidil a Dó. Roghnaigh dhá cheann agus cuir i d'abairtí féin iad, abairtí a léiríonn míniú na nathanna.

láithreach bonn
gan mórán dua
ag baint lán súl as an radharc
Bulaí gasúir!

aer fionnuar na maidine
ag déanamh a scíthe
las a aghaidh go barr na gcluas
ag saothrú airgid

1.

2.

Rólghlacadh

Ag obair i mbeirteanna, bíodh duine amháin i ról Dhónaill agus an duine eile i ról an Traenálaí Mhóir. Ba cheart don Traenálaí agallamh gearr a chur ar Dhónall sula dtairgeann sé post dó. Scríobh na ceisteanna thíos anseo a chuirfeadh sé ar Dhónall, agus ansin cuirigí agallamh ar a chéile.

1.

2.

3.

4.

5.

6.



Scríbhneoireacht

Is breá le Dónall a bheith ag obair sna stáblaí – dar leis gur post páirtaimseartha an-oiriúnach dó an obair sin. Cén áit a roghnófa féin le bheith ag obair go páirtaimseartha ann, dá mbeadh an seans agat? Cén post a roghnófa?

Liostaigh bealaí anseo a mbeifeá in ann a bheith ag saothrú airgid trí jabanna beaga a dhéanamh do dhaoine timpeall ort, i do theaghlach nó sa chomharsanacht.

1.

2.

3.

4.

5.



Staidéar ar fhocail

Aimsigh focail sa leabhar go dtí seo a bhfuil ‘-ach’ iontu.

Scríobh anseo iad:



CAIBIDIL 3

Triail Tuisceana

1. Cén fáth nach raibh Máire ag iarraidh go rachadh Dónall ag obair? _____

2. Cén fáth, dar léi, go bhfuil sé tábhachtach go leanfadh sé leis an staidéar? _____

3. Céard a chonaic Dónall a chuir a chroí ag léim? _____

4. Céard is ainm don Traenálaí Mór? _____

5. Céard a deir Séarlaí maidir le muintir Choill na Baice? _____

6. Cé chomh minic is a bheadh Dónall ag obair? _____

7. Céard é nach féidir le Dónall a insint dá mháthair? _____

8. Faigheann Dónall cead tabhairt faoin obair, ach ní mór dó a chinntiú go ndéanfaidh sé dhá rud sa bhaile. Cén dá rud iad? _____

9. An bhfuil aithne agat ar aon duine a bhfuil 'saol an mhadaidh bháin' aige nó aici? Conas? _____

10. Céard is scoláireacht ann? An gceapann Dónall go mbeadh sé in ann scoláireacht a bhaint amach? _____

Gramadach

Cuardaigh cúig bhriathar, cúig aidiacht agus cúig ainmfhocal i gcaibidil a trí agus liostaigh anseo iad.

Briathra	Aidiachtaí	Ainmfhocail
_____	_____	_____
_____	_____	_____
_____	_____	_____
_____	_____	_____
_____	_____	_____



Stór Focal

Bain úsáid as foclóir agus tabhair míniú ar na focail seo a leanas i gCaibidil a Trí.

Contúirteach	_____
Ceirt	_____
Diallait	_____
Sceach	_____
Ionraic	_____
Fiúntach	_____
D'fhiafraigh	_____
Scoil chónaithe	_____
Gairgeach	_____



Tarraing pictiúr

Tá na nathanna cainte seo uile i gCaibidil a Trí. Roghnaigh dhá cheann díobh agus tarraing pictiúir a léiríonn an míniú a bhaineann leo.

Dia ár sábháil!
 inní ag dul go croí ann
 ag croitheadh a chinn
 baint ná páirt
 ní thig leat an dá thrá a fhreastal

saol an mhadaidh bháin
 bheadh sé ionann is dodhéanta
 bhí meas mór aici air
 an dá dhorn ar a cromán aici
 ar theann a dhíchill

1. _____

2. _____



Scríbhneoireacht

Scríobh litir ó Dhónall chuig a mháthair ina bhfuil sé ag iarraidh a chur ina luí uirthi gur rud maith atá sa jab páirtaimseartha seo, agus ina bhfuil sé ag iarraidh cead a fháil uirthi glacadh leis an bpost.

Ar mhaith leatsa a bheith ar scoil chónaithe? Liostaigh anseo na buntáistí agus na míbhuntáistí a bheadh ag baint leis, i do thuairim féin.

Buntáistí

Míbhuntáistí



CAIBIDIL 4

Triail Tuisceana

1. Céard a dúirt an Traenálaí Mór maidir leis an gceol sa stábla? _____

2. Bhí Dónall ag obair le buachaill eile. Cén t-ainm a bhí ar an mbuachaill sin? _____
Cén aois é? _____
3. Cén dá rud a bheadh le déanamh ag Dónall sa stábla? _____

4. Cén frása ar Ich 26 a léiríonn go bhfuil William den tuairim gur traenálaí iontach é Mr. Brown? _____

5. Cén spórt a bhfuil suim ag William ann? _____

6. Cén difríocht a bhí idir Dónall agus na buachaillí eile a bhí ag obair sa stábla? _____

7. Céard a bhí sa chlúdach donn a fuair Dónall? _____

8. Cén fáth a raibh an-bhród ar Dhónall faoi dheireadh Chaibidil a Ceathair? _____

9. Céard a bhíodh acu don lón gach lá? _____

10. Céard a dhéanfaidh Dónall leis an airgead a thuillfidh sé? _____



Gramadach

Aimsigh ainmfhocail atá baininsneach agus ainmfhocail atá firinsneach i gCaibidil a Ceathair agus liostaigh anseo thíos iad. Bíodh meascán agat d'ainmfhocail a thosaíonn le consain, le gutaí agus le 's'. Ná déan dearmad go bhfuil an t-alt (**an**) de dhíth agus an inscne á léiriú agat.

Baininsneach

Firinsneach



Stór Focal

Tá na litreacha sna focail seo thíos measctha suas. Cuir ar ais san ord ceart iad chun teacht ar fhocail i gCaibidil a Ceathair.

Nibíecerhsah _____

hcacóts _____

ggáárn _____

rodas _____

ostacht _____

cmareliho _____

liúbórd _____





Nathanna Cainte

Táimid ag lorg bealaí eile chun na rudaí anseo thíos a rá. Tá nathanna agus leaganacha níos deise agus níos gonta i gCaibidil a Ceathair den úrscéal agus an chiall chéanna leo is atá leis na nathanna thíos. Aimsigh iad.

1. Leaid breá óg: _____
2. Glanta suas go maith: _____
3. Chomh maith leis sin: _____
4. Cheap sé go raibh sé go hiontach: _____
5. Bhí an-áthas air: _____



Taighde

Tá cuid mhór logainmneacha luaite sa leabhar - Baile an Easa, Coill na Baice, Baile Uí Chinnéide agus Droichead Thuama. Tá go leor le foghlaim as logainmneacha. Bain úsáid as an suíomh idirlín www.logainm.ie chun píosa eolais a aimsiú agus a scríobh anseo faoi áit éigin sa cheantar ina bhfuil tú i do chónaí.





Scríbhneoireacht

Ar Ich 23 déantar cur síos ar an Traenálaí Mór. Cabhraíonn cur síos mar sin go mór leis an léitheoir an carachtar a shamhlú. Déan cur síos anseo ar do pháirtí nó ar an dalta in aice leat ar scoil: luaigh pointí eolais a chabhródh le léitheoir do pháirtí nó an dalta sin a shamhlú go cruinn.

Feicimid dhá shamhail i gCaibidil a Ceathair: ‘chomh mór le prátaí’ ar Ich 23 agus ‘chomh sásta le rí’ ar Ich 25. Déan iarracht samhlacha eile a scríobh anseo thíos.

1.

2.

3.

4.

5.





CAIBIDIL 5

Triail Tuisceana

1. Céard a chuir gliondar ar Dhónall? _____

2. Bhí Dónall ag iarraidh rud éigin a dhéanamh agus é ag druidim le teach Shéarlaí. Cén rud? _____

3. Cén fáth ar thit Beití? _____

4. Céard é an chéad rud a rinne Séarlaí nuair a tháinig sé fad leo? _____

5. Cén fáth a raibh sé deacair ar Shéarlaí an pónaí a chur ina seasamh? _____

6. Bhí an t-ádhdh le Beití nach raibh clocha sa díog. Cén fáth? _____

7. Céard a rinne siad le Beití i ndiaidh na heachtra? _____

8. Dar le Séarlaí, céard ba cheart do Dhónall a rá lena mháthair? _____

9. Cén fáth ar chuir Séarlaí Dónall ina shuí cois na tine le muga mór tae? _____

10. Cad a bhí i gceist ag Séarlaí nuair a dúirt sé ‘shíl mé go raibh do phort seinnte agat ansin?’ _____



Gramadach

Tá go leor samplaí den Aimsir Chaite i gCaibidil a Cúig. Aimsigh cúig shampla de bhriathra den chéad réimniú agus cúig shampla de bhriathra den dara réimniú sa chaibidil agus scríobh anseo thíos iad.

Briathar den Chéad Reimniú

Briathar den Dara Réimniú



Stór Focal

Meitseáil na focail ar chlé leis an míniú cúí ar dheis. Rinneamar ceann amháin duit.

adhastar	bealach níos giorra nó níos éasca
toit	ionadh an domhain
aicearra	fearas a chuirtear ar chapall roimh mharcaíocht a dhéanamh
troistneach	tugtar do chapail é le hithe; déantar leite as freisin
alltacht	trína chéile nó buartha
coirce	bíonn sé seo le feiceáil ag teacht ón simléar nuair atá tine ar lasadh
corraithe	fuaim mhór, mar a dhéanfadh drum






Nathanna Cainte

Tá na nathanna cainte seo uile i gCaibidil a Cúig ach tá focal in easnamh as gach ceann díobh. Aimsigh an nath cainte sa leabhar agus líon na bearnaí chun na nathanna anseo thíos a chríochnú.

chuir sé _____ ar a chroí
 _____ an gháire
 an lá _____ mhárach
 ag _____ le
 ag _____ in aois
 chomh sásta le _____
 _____ géar
 ag _____ le huafás
 ina _____ go hanásta
 a chroí ina _____
 an _____ ag titim de
 _____ traochta
 do _____ seinnte





Scríbhneoireacht

Scríobh alt faoi thimpiste eile, timpiste bhóthair b'fhéidir, agus bain úsáid as cuid de na nathanna agus den stór focal atá i gCaibidil a Cúig.

Bhí Séarlaí an-chabhrach nuair a bhain timpiste do Dhónall toisc go raibh sé in ann é féin a choinneáil socair agus go ndearna sé an rud ceart ag an am. Déan liosta anseo de na rudaí ba cheart a dhéanamh dá bhfeicfeá timpiste. Smaoinigh go géar ar chúrsaí sábháilteachta, do shábháilteacht féin san áireamh.

1.

2.

3.

4.

5.



CAIBIDIL 6&7

Triail Tuisceana

1. Céard leis a raibh Dónall ag súil go mór? _____

2. Cén fáth, dar le William, gurbh fhearr gan dul in aice leis an gcapall bán? _____

3. Céard a bhí ar siúl acu i dTábhairne an Tairbh Dhuibh? _____

4. Céard a chonaic Dónall sa tábhairne nach mbeadh le feiceáil aige sa bhaile? _____

5. Cén fáth, meas tú, a raibh faoiseamh ar Dhónall an áit a fhágáil? _____

6. Céard a tharla mí ina dhiaidh sin? _____

7. Cén smaoineamh a rith leis an Traenálaí Mór? _____

8. Céard a bheadh ag tarlú i rith laethanta saoire an tsamhraidh? _____



Gramadach

Tugtar go leor ainmfhocal san uimhir iolra sa dá chaibidil seo. An féidir leat iad a aimsiú agus iad a shórtáil de réir más tréaniolraí nó lagiolraí atá iontu. Liostaigh thíos iad.

Tréaniolraí

Lagiolraí



Stór Focal

Tá focail a théann leis na mínithe seo uile sa dá chaibidil. An féidir leat iad a aimsiú?

Fearas déanta as leathair don mharcaíocht capall: _____

Go maith ag fanacht socair: _____

Eagraithe nó pleanáilte roimh ré: _____

Mothúchán míchompórdach: _____

Duine nó rud ó phláinéad eile: _____

Mar a mhothaíonn tú nuair a ligeann tú osna: _____

Freastalaí nó searbhónta: _____





Nathanna Cainte

Tá na nathanna cainte seo uile sa dá chaibidil. Roghnaigh dhá cheann acu agus cuir i d'abairtí féin iad, abairtí a léiríonn brí na nathanna.

mar ba ghnách
luath go leor
in áit nár bhain leis
ina éan corr
ar tí imeacht

draothadh gáire
níor thug siad aird air
in ainneoin
dul i dtaithí ar
bhuail smaoineamh é

1.

2.



Plé Ranga

Bhí Dónall míchompordach i dTábhairne an Tairbh Dhuibh. Ar mhothaigh tusa mar sin riamh? An raibh tú riamh in áit nár bhain leat? Inis don rang faoi.





Scríbhneoireacht

Agus tú ag obair mar iriseoir, scríobh síos na ceisteanna a chuirfeá ar Dhónall faoin obair a dhéanann sé sna stáblaí.



Taighde

Luaitear i gCaibidil a Sé go raibh pictiúr de bhanríon Shasana ar an mballa sa teach tábhairne. Bain úsáid as leabhar nó as an idirlíon chun taighde a dhéanamh ar an mbanríon sin. Luaigh thíos cúig pointe eolais maidir léi féin agus maidir lena saol.



IARLÉITHEOIREACHT



Léirmheas Leabhair

Teideal : _____

Údar : _____

Foilsitheoir : _____

Achoimre ar an bPlota : _____

Na príomhcharachtair sa scéal : _____

Mo thuairim faoin leabhar : _____



Ealaín

Agus an leabhar léite agat, lig ort gur tusa an maisitheoir. Tarraing an clúdach a chuirfeá féin ar an leabhar seo. Ná déan dearmad gur cheart teideal an leabhair, ainm an údair agus ainm an mhaisitheora a chur ar an gclúdach.

 AN GÚM